

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

TORTHAÍ FOGHLAMA:

Forbraíonn páistí coincheapa, meonta agus scileanna i dtaca le:

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Gnásanna sóisialta agus feacht ar dhaoine eile
- Struchtúr abairte agus gramadach
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Iarratais agus ceisteanna
- Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach

atá roghnaithe ag an múinteoir le múineadh. Tacaíonn na feidhmeanna teanga le **cumas cumarsáide** na bpáistí a fhorbairt ionas gur féidir leo an Ghaeilge a **shealbhú** agus a úsáid mar **theanga chaidrimh** sa rang. Tá sé riachtanach mar sin feidhmeanna teanga a úsáid i ngach ceacht comhrá chun an teanga ó bhéal a láidriú i dtreo shaorúsáid na teanga.

I scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge le múineadh mar dhara teanga, tuigtear go bhfuil gá ag páistí an teanga a **labhairt** mar theanga bheo go laethúil. Beidh ar an múinteoir na páistí a **spreagadh** le ceachtan-

na feidhm Teanga: **Tugtar feidhm teanga ar an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc chumarsáide a bhaint amach.**

Le linn mhúineadh na Gaeilge, cuirtear an-bhéim ar an **Teanga ó Bhéal** mar ghné shuntasach chun an Ghaeilge a theagasc.

Úsáidtear na feidhmeanna teanga mar thúsphointe chuige seo, go háirithe nuair atá an Ghaeilge á múineadh **mar dhara teanga**.

Tugann na feidhmeanna teanga **struchtúr cinnte** den cheacht ó bhéal mar chuid den **téama**

na suimiúla agus cinntiú go bhfuil na páistí **gníomhach** san fhoghlaim. Tá sé riachtanach an Ghaeilge a **chleachtadh go rialta**, ionas go dtiocfaidh fás agus forbairt uirthi agus chun líofacht a threisiú. Ina theannta seo, tá sé intuigthe go mbeadh na páistí **rannpháirteach** san fhoghlaim trí **dheiseanna cumarsáide** a chruthú ar bhonn leanúnach chun a muintín a fhorbairt agus chun cruinneas a fheabhsú agus a mheas.

Roinntear na feidhmeanna teanga don Ghaeilge san ábhar tacaíochta seo i sé mhórchatagóir:

1. Caidreamh sóisialta a dhéanamh
2. Eolas a thabhairt agus a lorg
3. Dearcadh a léiriú agus a lorg
4. Dul i gcion ar dhuine
5. Struchtúr a chur ar chomhrá
6. Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Tá na catagóirí seo roinnte i mionchatagóirí agus dá bhrí sin tugann na feidhmeanna teanga go leor saoirse do mhúinteoirí agus iad ag dul i mbun ceachtanna a phleanáil. Cuireann na feidhmeanna teanga deiseanna ar fáil do pháistí iad féin a chur in aithne dá chéile, mianta a chur in iúl, ceisteanna a chur/a fhreagairt, cead a lorg/a dhiúltú mar shampla. Ní féidir na feidhmeanna teanga a mhúineadh i bhfolús afách, mar sin moltar **eiseamláirí teanga** oiriúnacha a roghnú mar chuid den mhéid atá á mhúineadh. Tá sé an-tairbheach na ceachtanna a bheith páiste-lárnach i gcónaí chun na feidhmeanna teanga atá roghnaithe a chomhlíonadh agus go n-éiríonn leis na páistí sa cheacht.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Eiseamláirí na bhFeidhmeanna Teanga:

Is é is brí le heiseamláir teanga ná frása, struchtúr nó abairt is féidir a úsáid chun feidhm teanga a léiriú. Is féidir feidhmeanna teanga éagsúla a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as eiseamláirí teanga éagsúla. Moltar eiseamláirí teanga a mhúineadh i gcomhthéacs riachtanais teanga agus ábhar suime na bpáistí. Ní mór téama/ábhar cainte an cheachta chomh maith le cumas labhartha na bpáistí a chur san áireamh agus eiseamláirí teanga á roghnú. Féach thíos:

Feidhm teanga	Eiseamláirí
Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cuir an bainne sa chuisneoir. 2. Ar mhaith leat sicín don dinnéar? 3. Ní chreidim gur maith leat spionáiste! 4. An féidir leat liosta siopadóireachta a scríobh?
Soiléiriú a lorg i gcomhrá	<ol style="list-style-type: none"> 1. An féidir insint dom cá bhfuil mo bhosca lóin? 2. Ní thuigim conas an tóstaer a úsáid! An féidir leat cabhrú liom? 3. An bhfuil na calóga arbhair sa chófra?

Dearcadh a léiriú agus a lorg	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ní maith liom bia Síneach. An féidir linn dul chuig bialann lodálach i gcomhair mo bhreithlae? 2. Níl aon leite fágtha! Ar mhaith leat ispíní don bhricfeasta? 3. Ní maith liom tae gan siúcra!
-------------------------------	--

De réir a chéile, agus na páistí ag éirí muiníneach sa teanga, is féidir leis na heiseamláirí éirí níos dúshlánaí chun leanúnachas agus **dul chun cinn** a chinntiú ó rang go rang suas tríd an scoil. Ina theannta seo, is féidir leis an múinteoir a bheith **ag cur le stór focal** agus **nathanna cainte** na bpáistí de réir a gcumais agus ag brath ar an **leibhéal ranga**.



Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Deiseanna úsáide na bhfeidhmeanna teanga:

Is féidir le múinteoirí rannpháirtíocht a spreagadh sna páistí le linn mhúineadh na bhfeidhmeanna teanga sa Ghaeilge trí dheiseanna leanúnacha a thabhairt dóibh le linn an cheachta chun:

- dul siar ar theanga nó eiseamláirí atá foghlamtha cheana féin
- teanga nó eiseamláirí nua a fhoghlaim agus a chleachtadh
- abairtí nua dá gcuid féin a chruthú ag úsáid teanga nó struchtúr atá ar eolas.

Moltar aird a thabhairt ar eagar an ranga lena linn seo. Aibíonn páistí go mór sa Ghaeilge nuair a bhíonn muinín ag an múinteoir astu chun oibriú:

- mar rang
- i mbeirteanna
- i ngrúpaí.

Ina theannta seo, méadaíonn obair bheirte/obair ghrúpa an méid cainte agus idirghníomhaíochta a bhíonn ar siúl idir na páistí. Tacaíonn idirghníomhú le cleachtadh a fháil ar an nGaeilge, muinín a bheith ag páistí astu féin i leith labhairt na Gaeilge agus ó thaobh stór focal/saibhreas teanga a neartú.

Modhanna Teagaisc

Tá seifteanna de dhíth chun tacú le rannpháirtíocht sa cheacht Gaeilge chun suim, tuiscint, brí agus cumas cainte na bpáistí a fhorbairt agus chun sáriarracht a mhealladh uathu. Tá saoirse ag an múinteoir pé modheolaíocht a oireann don rang agus don cheacht a úsáid agus tarraingt ar pé ábhar teagaisc agus foghlama a bheadh tairbheach. Moltar clár suimiúil a chur os comhair an ranga ag baint úsáide as fearais (pictiúir, ábhair nithiúla) nó acmhainní (dlúthdhioscaí, úsáid na teicneolaíochta) chomh maith le haon ghníomhamhráin/dánta/scéalta/cluichí is araile a bhaineann le hábhar.

Mar shampla, má tá an téama ‘Éadaí’ á mhúineadh, is féidir siopa éadaí a eagrú sa rang chun na heiseamláirí cuí a mhúineadh agus a chleachtadh. Is féidir an teanga nua seo a chleachtadh ní hamháin sa cheacht Gaeilge ach í a dhaingniú go **neamhfhoirmiúil** i rith an lae chomh maith. M.sh. Cá bhfuil cóta Mháire? Cé leis an caipín gorm? Ina theannta seo, tá cláracha nua digiteacha Gaeilge ar fáil anois a chuireann deiseanna ar fáil chun ábhar tarraingteach, idirghníomhach a chur os comhair páistí agus a spreagann páistí go mór chun a bheith páirteach sna ceachtanna.

Cabhraíonn na bealaí thuasluaite le páistí atá ag foghlaim na Gaeilge mar gur féidir leo an teanga a labhairt go sóisialta i gcomhthéacsanna réalaiócha ar bhealach cruthaitheach. Is fiú a lua áfach, go bhfuil an **Cur Chuige Cumarsáideach** aitheanta mar mhodh éifeachtach chun páistí a spreagadh chun eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a chleachtadh go sóisialta agus a úsáid i gcomhthéacs.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Príomhphrionsabail pleanála na bhfeidhmeanna teanga:

Tá go leor saoirse ag scoileanna agus ag múinteoirí a gceachtanna spreagúla, tarraingteacha féin a chruthú ag brath ar chomhthéacs na scoile. Is féidir go leor deiseanna cumarsáide a fhí isteach mar mhórchuid de na ceachtanna comhrá Gaeilge trí réamheolas ar an gcéim forbartha, spéiseanna na bpáistí agus éagsúlachtaí aonair a chur san áireamh. Foghlaimíonn páistí foclóir, frásaí, nathanna cainte agus struchtúir thábhachtacha ó bhéal trí shúgradh, scéalta agus amhráin a aithris go rialta i ngach ceacht. Is féidir dul céim níos faide agus an Ghaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae chun athdhaingniú a dhéanamh ar an méid atá múinte.

Tá sé fíorthábhachtach go roghnaítear gach ceacht bunaithe ar **ábhar suime** an ranga agus ar **chomhthéacs** na scoile. Ina theannta seo, ba cheart go mbeadh **ceangal** láidir idir na feidhmeanna teanga agus na heiseamláirí atá roghnaithe. Is é sin, beidh ar an múinteoir na heiseamláirí teanga atá riachtanach don cheacht a roghnú go **céimnitheach** ionas go bhfuil **sprioc chinnte** ag gach ceacht, go bhfuil **frásaí oiriúnacha** in úsáid agus go bhfuil **dul chun cinn** á dhéanamh sa Ghaeilge. Ní mór réimse leathan eiseamláirí a úsáid go rialta chun go mbeidh páistí ag leibhéal na fíorchumarsáide nó sula mbeidh siad líofa sa Ghaeilge mar dhara teanga.

Téama	Caitheamh Aimsire
Feidhm teanga	Eolas a thabhairt agus a lorg
Eiseamláirí	<ol style="list-style-type: none"> 1. An maith leat peil? Is/Ní maith liom peil/haca/snámh/ rince. 2. Cén spórt a imríonn tú? Imrím cispheil/ iománaíocht. 3. Cén dáta a mbeidh an lá spóirt ar siúl?

An Ghaeilge mar sprioctheanga:

Ceann de na teachtaireachtaí is tábhachtaí ó thaobh mhúineadh na Gaeilge ná go bhfuil sé riachtanach an Ghaeilge a úsáid mar **sprioctheanga** i gcónaí chun na páistí a spreagadh agus chun tuiscint a fhorbairt. Beidh réamhphleanáil ag teastáil chun an Ghaeilge a mhúineadh **trí mheán na Gaeilge** chun saibhreas a chothú. I scoileanna Gaeilge mar dhara teanga, tá an-ghá le beocht agus fuinneamh chun dearcadh dearfach a chothú i measc na bpáistí i leith na teanga, toisc nach mbíonn deis ag páistí an Ghaeilge a chloisteáil taobh amuigh den scoil. Cothaítear meon dearfach i leith na Gaeilge áfach, má tá sí in úsáid go laethúil ar leibhéal páiste-lárnach, má tá éagsúlacht sna ceachtanna agus má tá siad mealltach agus tarraingteach.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Bealaí chun eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a úsáid sa rang:

1. Tascanna le treoracha. M.sh. Cluichí boird/Bog ar aghaidh/Tóg do sheans anois/ Cén scór atá ann?
2. Cluichí teanga. M.sh. Cé mise? / Fiche Ceist/ Searáidí/ Deir Ó Grádaigh
3. Ciorcal cainte: Cuireann an múinteoir ceist ‘ Cé tusa?’ agus freagraíonn gach páiste sa chiorcal ‘Is mise...’ nó ‘Cén spórt is maith leat? Is maith liom peil ghaelach’
4. Cluichí cumarsáide. Cad atá sa mhála? /Ainmigh an ceann corr (úll, banana, piorra, seacláid)
5. Agallaimh
6. Drámaí beaga
7. Cluichí struchtúrtha Biongó/ Cluiche Kim
8. Leidchártaí leis na heiseamláirí scríofa orthu
9. Mím. Cad atá Seán ag déanamh? Tá Seán ag léim.

Nuair atá gníomhaíochtaí/tascanna cumarsáide ar siúl sa rang chun eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a chleachtadh, moltar seans a thabhairt do pháistí ceisteanna **a chur** agus **a fhreagairt** ionas go bhfuil idirghníomhaíocht leanúnach idir na páistí. Ina theannta seo, moltar don mhúinteoir gach tasc a léiriú go soiléir cúpla uair chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil na páistí soiléir faoin teanga atá le húsáid sa tasc agus chun foghlaim neamhspleách a fhorbairt. Mar shampla, déanann an múinteoir an tasc a chleachtadh ag barr an ranga le páistí aonair ar dtús nó le grúpa páistí ag brath ar an tasc. Déantar

cinnte leis seo go bhfuil an rang eolach agus muiníneach chun tabhairt faoin tasc. Nuair atá na tascanna cainte ar siúl, bogann an múinteoir timpeall ag brath ar eagar an ranga agus tugtar aird ar na hearráidí atá le cloisteáil. Is féidir leis an múinteoir treoracha breise nó cabhair a thabhairt, más gá. Ina theannta seo, moltar gach iarracht ós na páistí a mholadh i gcónaí agus éagsúlachtaí cumais a aithint ionas gur féidir cabhair sa bhreis a thabhairt do pháistí/ grúpaí ar leith má tá deacrachtaí á dtabhairt faoi deara. Déantar na heiseamláirí (struchtúir) a mhúineadh go sonrach sa tréimhse réamhchumarsáide, déantar iad a chleachtadh sa tréimhse chumarsáide agus a chleachtadh agus a dhaingniú sa tréimhse iarchumarsáide.



Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Feidhmeanna Teanga agus eiseamláirí samplacha

Feidhm teanga	Eiseamláirí
Caidreamh sóisialta a dhéanamh	<ol style="list-style-type: none"> 1. Dia duit! Dia is Muire duit! 2. An raibh lá deas agat ar scoil? Bhí lá deas agam. 3. An féidir liom deoch a fháil? Is féidir/ Ní féidir. 4. Go raibh maith agat. 5. Seo é/ í... 6. Slán leat/ Slán agat. 7. Cé hé/ hí sin? Sin é/í mo chara ____ Conas atá tú ? Tá mé go maith.
Eolas a thabhairt agus a lorg	<ol style="list-style-type: none"> 1. Cá bhfuil an leabhar? Tá an leabhar ar an mbord. 2. An bhfuil tú ag dul ag traenáil? Tá mé ag dul ar a seacht a chlog. 3. Cé atá as láthair inniu? Tá ____ as láthair. 4. Cé thusa? Is mise ____ 5. Cén t-am é? Tá sé in am lóin! 6. Is feirmeoir é mo dhaidí. 7. Cad é seo? Is bláth é.

Dearcadh a léiriú agus a lorg	<ol style="list-style-type: none"> 1. Is maith liom uachtar reoite ach is fearr liom seacláid. Cén tír is fearr i gcomhair sacair? 2. Ar thaitin do laethanta saoire leat? 3. An maith leat seacláid? 4. Cén bia is fearr leat, feoil nó iasc? 5. Ba mhaith liom mo lón. 6. Cén fáth nach bhfuil tú ag ithe do dhinnéir?
Dul i gcion ar dhuine	<ol style="list-style-type: none"> 1. Go raibh míle maith agat! 2. An féidir leat an doras a dhúnadh? 3. Seas sa líne! 4. Ar mhaith leat dul chuig an bpictiúrlann? 5. Ná bí ag rith sa scoil! 6. Faigh an leabhar atá sa seomra suite más é do thoil é!

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Struchtúr a chur ar chomhrá	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ar mhaith leat imirt liom sa chlós? 2. Ar mhaith leat teacht go dtí mo theach ar an Satharn? 3. Is maith liom do gheansaí! 4. Ceart go leor. 5. Tá an lá go deas. 6. Ó, tá an-bhrón orm!
Soiléiriú a lorg i gcomhrá	<ol style="list-style-type: none"> 1. Ní thuigim! 2. Níor chuala mé thú! 3. Níl a fhios agam. 4. Cá bhfuil an mála scoile? 5. Gabh mo leithscéal. 6. Cén Ghaeilge atá ar...? 7. An féidir leat é sin a rá arís?

Ní sheasann na feidhmeanna teanga leo féin agus is minic go mbíonn níos mó ná feidhm amháin in úsáid in aon chomhrá.

Sa chás seo tá níos mó ná feidhm teanga amháin in úsáid... ‘caidreamh sóisialta a dhéanamh’, ‘eolas a thabhairt agus a lorg’, ‘dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile’, ‘dearcadh a léiriú agus a lorg’.	<p>Áine: Dia duit! Seán: Dia is Muire duit! Áine: Cad atá tú ag ithe? Seán: Is criospaí nua iad seo a cheannaigh mé sa siopa Dé Sathairn! Áine: An féidir liom ceann a ithe? Seán: Is féidir. Áine: Go raibh maith agat! Seán: Tá fáilte romhat!</p>
--	---



Feictear thuas go bhfuil **solúbthacht** i gceist leis na feidhmeanna teanga agus tá go leor bealaí éagsúla ann chun iad a chomhlíonadh. Braitheann an fheidhm teanga agus na heiseamláirí a théann léi ar an téama atá á mhúineadh agus ar riachtanais chumarsáide an ranga taobh istigh don téama sin. Is fiú smaoineamh gur féidir eiseamláir cosúil le ‘Is maith liom...’ a úsáid in go leor comhthéacsanna éagsúla taobh istigh de na téamaí difriúla. Beidh deiseanna ag múinteoirí teanga/ eiseamláirí atá múinte cheana a **thraschur** go suíomhanna eile agus a **chomhtháthú** le téamaí eile.

Feidhmeanna Teanga na Gaeilge

Topaicí éagsúla:	
Sa Bhialann	Ba mhaith liom anraith glasraí más é do thoil é.
Caitheamh Aimsire	Is maith liom peil ach ní maith liom snámh.
Ócáidí Speisialta	Téim ar cuairt chuig m'aintín le linn saoire na Nollag.
Ag dul chuig an dochtúir	Tá mo rúitín ata.

Tá sé riachtanach do pháistí go mbeadh an Ghaeilge chuí acu chun a riachtanais chumarsáide a bhaint amach, chun tacú leo éirí líofa sa teanga. Nuair is féidir le páistí na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh go compordach agus le muinín, is céim an-mhór í seo chun a chinntiú go bhfuil páistí ag bláthú sa teanga. Mar a deir an seanfhocal 'bíonn rudaí maithe mall' mar sin tá díograis, foighne agus **dearcadh dearfach** an mhúinteora ag teastáil go géar agus go corásach, chun eispéireas dearfach foghlama a chur os comhair na bpáistí, ionas go n-éireoidh leo iad féin a chur in iúl go nádúrtha chun a samhlaíocht agus mothúcháin a léiriú.

